



Ceacht a Dó
Lesson Two

Leabhair
Books

Leathanach 1
Page 1

A		<p>a haon leabharlann siopa leabhar ar líne nua athlámhe saor in aisce tóg ar iasacht ceannaigh faigh íoc ordaigh</p> <p>number one library bookstore online new second hand free borrow buy get pay order</p>	<p>An dtéann tú chuig an leabharlann? Do you go to the library? An gceannaíonn tú leabhair ahtlámhe? Do you buy second-hand books? An íocann tú ag an leabharlann? Do you pay at the library? An bhfaigheann tú leabhair ar líne? Do you get books online? An féidir rudaí eile seachas leabhair a fháil ón leabharlann? Is it possible to get other things besides books from the library?</p>
B		<p>a dó úrscéal gearrscéalta iris nuachtán closleabhar ficsean neamhfhicsean dátheangach stair úrscéal grafach foclóir</p> <p>number two novel short stories magazine newspaper audio book fiction non-fiction bilingual history graphic novel dictionary</p>	<p>Cén saghas leabhar is maith leat? What kind of books do you like? An fearr leat úrscéalta nó gearrscéalta? Do you prefer novels or short stories? An mbíonn tú ag éisteacht le closleabhair riamh? Do you ever listen to audiobooks? Ar léigh tú leabhar as Gaeilge? Did you read a book in Irish? An léann tú rudaí seachas leabhair? Do you read things other than books?</p>

- | | |
|--|--|
| 1. An bhfuil tú ag léamh aon leabhar faoi láthair? | Are you currently reading any book? |
| 2. Ar léigh tú aon leabhar as Gaeilge riamh? | Did you ever read a book in Irish? |
| 3. Ar léigh tú aon leabhar i dteanga eile seachas Béarla? | Did you read any book in another language besides English? |
| 4. Ar léigh tú úrscéal grafach riamh? | Did you ever read a graphic novel? |
| 5. An léann tú dánta? | Do you read poems? |
| 6. Arbh fhearr leat leabhar a léamh nó breathnú ar an scannán? | Would you rather read a book or watch the movie? |
| 7. Ar scríobh tú leabhar nó scéal riamh? | Did you ever write a book or a story? |

Amhrán na Leabhar

le Tomás Rua Ó Súilleabháin (1785-1848)
Éilís Kennedy (Time to Sail)

1. Go cuan Bhéil Inse casadh mé
2. cois góilín aoibhinn Dairbhre
3. mar a seoltar flít na farraige
4. thar sáile, i gcéin.
5. I bPort Magaoi do stadas seal
6. fé thuairim intinn maitheasa
7. d'fhonn bheith sealad eatarthu
8. mar mháistir léinn.
9. Is gearr gur chuala an eachtra
10. ag cách, mo léan
11. gur i mbord Eonáin do cailleadh theas
12. an t-árthach tréan.
13. Do phreab mo chroí le hatuirse
14. 'dtaobh loinge an taoisigh chalma
15. go mb'fhearrde an tír í 'sheasamh seal

16. do ráib an tséin.
17. Dá siúlfaínn Éire is Alba

18. an Fhrainc, an Spáinn is Sasana
19. agus fós arís dá n-abarainn
20. gach aird faoin ré.
21. ní bhfaighinnse an oiread leabhartha
22. b'fhearr eolas agus tairbhe
23. ná is mó 'bhí chum mo mhaitheasa
24. cé 'táid ar strae.
25. Mo chreach, mo chumha ina n-easnamh súd

26. do fágadh mé
27. is mór an cúrsa marbhna
28. agus cás liom é.
29. Mallacht Dé is na hEaglaise
30. ar an gcarraig ghránna mhallaithe
31. do a bháigh an long gan anaithe
32. gan gála gan ghaoth.
33. Bhí mórán Éireann leabhartha
34. nár áiríos díbh im labharthaibh
35. leabhair na Laighneach beannaithe
36. ba bhreátha faoin spéir.

Song of the Books

by Tomás Rua Ó Súilleabháin (1785-1848)
Éilís Kennedy (Time to Sail)

To the harbor of Valentia Island I happened to
go
by the beautiful inslet of Dairbhre
where the maritime fleet is sailed
overseas, far away.
In Portmagee I stopped a while
for the sake of education
to be amongst them for a while
as a schoolmaster.
Soon the event was heard of
by all, alas
that the 'Eonáin' was lost overboard
the mighty vessel.
My heart throbbed with pain
because the boat of that brave captain
it was better for the country had it waited a
while
to be under favorable auspices.
If only I could walk through Ireland and
Scotland
France, Spain and England
and yet again if only I could tell
every corner of the earth.
I could not alas retrieve the multitude of books
knowledge and usefulness
more than anything had shaped my belongings
which went astray.
Woe is me, my agony in that loss

I was abandoned
by that most cursed course
over which I now grieve.
May the curse of God and the Church
be on the vile, cursed rock
for drowning the boat without a storm
without a gale, without a wind.
There was a great many books
which I didn't mention in my speeches
books of the blessed Leinster men
the finest on this earth.

Ginger i gCois Fharráige
Le Caitlín Uí Thallamhain

Ginger in Cois Fharráige
By Caitlín Uí Thallamhain

- | | |
|--|---|
| <p>1. Ba leanbh aonair Peadar agus ba dheacair dá athair agus dá mháthair é a ligean uathu gan comhairle agus an-chuid fainicí á chur air.</p> <p>2. Ní raibh siad chun é a ligean linn i dtosach ach chomhairligh an máistir sa scoil Peadar a chur siar mar shíl sé go mbainfeadh sé an-tairbhe as an mí.</p> <p>3. Bhí Peadar cliste éirimiúil, ach bhí sé beag tanaí mílítheach.</p> <p>4. Buachaill lách múinte ab ea é agus bhíodh mo mháthair an-sásta nuair a bhíodh sé i mo chuideachta.</p> <p>5. Ní raibh aon mhaith i bPeadar chun troda.</p> <p>6. Ligfeadh sé do na buachaillí eile é a bhualadh, gan cosaint ar bith a dhéanamh ach ní thabharfadh buachaill ar bith faoi dá mbeinnse in éineacht leis.</p> <p>7. Fanfaidh an mhaidin sin i mo chuimhne go deo.</p> <p>8. Bhí an stáisiún dubh le daoine, agus páistí chomh líonmhar le cuileoga fómhair ag rith i ngach áit.</p> <p>9. Ní bhfaigheadh dreoilín bealach idir na páistí.</p> <p>10. Bhí aithreacha, máithreacha, mamónna, daideonna, aintíní agus uncailí ann, chomh maith le deartháireacha agus deirfiúracha.</p> <p>11. Bhí cuma dheifreach orthu agus iad ag rith anonn agus anall.</p> <p>12. Bhí an-ríméad orm mar ba é sin an chéad uair dom a bheith ag dul ar aistear fada traenach.</p> <p>13. Bhí lucht an stáisiúin ag rith timpeall go fuadrach.</p> <p>14. Bhí plód daoine ar an ardán agus bhí gach duine go cainteach glórach.</p> <p>Q1. An raibh deartháireacha ag Peadar?</p> <p>Q2. Cé a chomhairligh Peadar a sheoladh siar?</p> <p>Q3. Cén saghas duine é Peadar?</p> <p>Q4. An raibh a lán daoine ag an stáisiún?</p> <p>Q5. Cén fáth go raibh ríméad ar an scéalaí?</p> | <p>Peter was a single child and it was difficult for his father and his mother to let him away from them without giving him a lot of advice and warnings.</p> <p>They weren't going to let him go with us at first, but the schoolmaster advised them to send him west because he thought that he would get much benefit from the month.</p> <p>Peter was smart and intelligent, but he was small, thin and pallid.</p> <p>He was a pleasant, polite boy and my mother was very pleased when he was with me.</p> <p>Peter was no good for fighting.</p> <p>He would let the other boys hit him, without protecting himself at all, but no boy would go after him if I was together with him.</p> <p>That morning will stay in my memory forever.</p> <p>The station was thick with people, and the children were as numerous as autumn flies running everywhere.</p> <p>A wren wouldn't find a way between the children.</p> <p>There were fathers, mothers, grandmas, grandpas, aunts and uncles there, as well as brothers and sisters.</p> <p>They seemed hurried as they ran back and forth.</p> <p>I was very happy because that was the first time for me to be going on a long train journey.</p> <p>The station workers running around hurriedly.</p> <p>There was a throng of people on the platform and every person was talkative and loud.</p> <p>Did Peter have brothers?</p> <p>Who advised to send Peter west?</p> <p>What kind of person is Peter?</p> <p>Were there many people at the station?</p> <p>Why was the story-teller happy?</p> |
|--|---|